


PLEANÁIL DON FHOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH



**ROINNT
CEISTEANNA
COITIANTA**

PLEANÁIL DON FHOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH – ROINNT CEISTEANNA COITIANTA

Intreoir

Rinneadh an cháipéis seo a fhorbairt le freagairt do cheisteanna a éiríonn as pleanáil don Fholláine sa tSraith Shóisearach. Ba chóir í a léamh i gcuideachta ábhair agus treoirlínte eile pleanála a bhaineann leis an bpleanáil ag an tsraith shóisearach agus go háirithe le pleanáil don fholláine.

- Creat don tSraith Shóisearach (2015)
- AG BREATHNÚ AR AN SCOIL AGAINNE 2016 Creat Cailíochta d'Iar-Bhunscoileanna
- Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí 2017
- Ciorclán 0055/2019 An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018 (Leasú Deireadh Fómhair 2019)

Is é cuspóir an doiciméid seo a choimre a thabhairt ar roinnt den phríomheolas mar shraith de cheisteanna agus freagraí atá sothuigte

Ceisteanna tábhachtacha le cur san áireamh le linn pleanála i gcomhair Folláine don tSraith Shóisearach

Is é atá i gceist le Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí:

- 400 uair d'fhoghlaim do gach scoláire ar an gclár ama
- Ábhar a dearadh chun freastal ar riachtanais shainaitheanta do chuid scoláirí
- Ábhar a bhfuil réimse de ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim le dul leis
- Ach den chuid is mó ní áireofar na himeachtaí sin mar chuid den chlár Folláine 400 uair.

Príomhcheisteanna leis an bpróiseas pleanála a threorú

Cad é atá á dhéanamh againn atá maith cheana i réimse na foghlama faoi fholláine? Cad iad ár gcuid láidreachtaí? Cad iad na réimsí ar gá dúinn iad a fheabhsú? Conas atá a fhios againn?

An bhfuil fianaise againn le tacú leis na cinní pleanála a dhéanaimid? An é **ár gcuidne** tuairimí nó an é na riachtanais a chuir **siadsan** in iúl a threoraíonn ár gcuid pleanála?

Cad é eile atá ag imirt tionchar ar ár gcinní?

Cad é atá uathúil faoin gcomhthéacs scoile againn agus faoinár gcuid scoláirí?

An féidir linn réasúnaíocht a lua le gach gné den chlár folláine 400-uair?

Cén próiseas atá in áit lena chinntiú go mbeidh an clár folláine ábhartha agus fiúntach ar bhonn leanúnach dár gcuid scoláirí?

An **próiseas** chun Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt i scoil, ba chóir go mbeadh sé:

- Comhoibríoch
- Comhairleach
- Freagrach do riachtanais agus do chomhthéacs scoláirí
- Furasta a chur in oiriúint do thosca nua agus éiritheacha
- Nasctha le pleanáil don scoil uile agus le próisis phleanála eile, lena n-áirítear an ceanglas atá ar gach scoil agus ar gach ionad oideachais timthriall forbartha spreagtha agus athbhreithnithe a thionscnamh le haghaidh na folláine faoi 2023. (Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais, L5)

Féach cáipéis CNCM, *Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí* le haghaidh sonraí ar na prionsabail agus ar na céimeanna a bhaineann le cláir folláine a fhorbairt (L52-53)

CEISTEANNA COITIANTA

Ceist: Cén áit is cóir tosú?

Freagra: Ba chóir gur comhrá thart ar riachtanais scoláirí an áit le tosú a phleanáil i gcomhair folláine, comhrá ar chóir do na scoláirí féin a bheith páirteach ann. Is den riachtanas é freisin go gcuimhneofaí ar fhís leathan den fholláine.

Tugann *Treoirínte Folláine na Sraithe Sóisearaí* an sainmhíniú seo chun cabhrú le planáil scoile:

'Is ann d'fholláine an scoláire nuair a éiríonn leis an scoláire barr a chumas a bhaint amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, má éiríonn leis déileáil le gnáthstrus an tsaol, agus má mhothaíonn sé go bhfuil braistint chomhuintearais aige le pobal níos leithne.'

Tá miontreoracha le fáil ar na céimeanna a bhaineann le do Chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí a phleanáil i dTreoirínte Folláine na Sraithe Sóisearaí (2017) L.53-55

Ceist: Cad é is féidir a chur san áireamh i gclár folláine?

Freagra: Nuair a bheidh machnamh déanta ag scoil ar riachtanais ar leith a cuid scoláirí ar chomhthéacs uathúil na scoile agus ar na foinsí atá ar fáil, tá réimse leathan roghanna curaclaim ar fáil le meabhrú orthu.

Ní mór do scoileanna OSSP, CO agus OSPS a chur san áireamh. Is é seo thíos an méid is lú atá leagtha amach do gach ceann acu:

- CO: 135 uair scaipthe thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain
- OSPS: 70 uair scaipthe thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain
- OSSP: 70 uair scaipthe thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain

Ina theannta sin, is féidir le scoileanna réimsí eile a thabhairt isteach ina gclár folláine, amhail foghlaim a bhaineann le treoir agus is féidir gearrchúrsaí a bheith san áireamh a d'fhorbair an scoil féin nó aonaid foghlama a bhaineann le gnéithe den fholláine a ceapadh chun riachtanais a gcuid scoláirí a shásamh.

Tá roinnt clár folláine shamplacha leagtha amach i dTreoirínte Folláine na Sraithe Sóisearaí leis an CNCM (L.60-69).

Ceist: Cad iad na roghanna maidir le soláthar a dhéanamh do OSSP, OSPS agus CO?

Freagra: Is iad seo na roghanna atá ann:

- An tsonraíocht do ghearrchúrsaí an CNCM san OPPS, OSPS agus CO (100 uair an ceann)
- Gearrchúrsaí scoildeartha nó a dearadh go seachtrach in OSSP, OSPS, CO (100 uair) ag úsáid theimpléad CNCM agus a gcuid 'Treoirínte ar do ghearrchúrsa féin a fhorbairt'
- Clár / modúil / aonaid eile don OSSP, OSPS, CO a forbraíodh ag úsáid Aguisín I de Threoirínte Folláine na Sraithe Sóisearaí leis an CNCM
- Siollabas an Teastais Shóisearaigh don OSSP (1996), OSPS (2000), CO (2003)

(Féach Aguisín I, L. 7 le haghaidh sonraí níos iomláine ar na himpleachtaí le gach ceann acu)

Ceist: Conas is féidir linn gearrchúrsa CO CNCM, a dearadh le haghaidh 100 uair, a chur i bhfeidhm nuair atá 135 uair de CO sa chlár ama ag ár gcuidne scoláirí don CO thar na trí bliana?

Freagra: Is cás coitianta é seo agus sa chomhthéacs seo moltar go ndéanfadh scoileanna a gclár 1^ú bhliain féin don CO a fhorbairt, agus ansin an gearrchúrsa CO 100 uair a theagasc sa 2^ú agus sa 3^ú bliain. Thabharfadh sé sin deis don scoil dúshraith leathan a thabhairt sa CO trína gclár 1^ú bhliain, ag tógáil ar an eispéireas bunscoile a bhí acu agus ag aistriú go héasca tríd chuig an ngearrchúrsa.

Tá iliomad acmhainní ann a chabhróidh le bonn eolais a chur faoin bpleanáil don CO sa 1^ú bhliain, amhail doiciméid churaclaim, riachtanais scoláirí, eispéiris nó ábhair spéise agus deiseanna aonair nó acmhainní áitiúla atá ar fáil. Tá sé beartaithe go dtabharfaí an deis do scoláirí eispéireas leathan agus cothromaithe CO a bheith acu, mar chuid dá gclár folláine, ina dtógfaí ar réamheolas agus a d'éascódh dul chun cinn agus forbairt san am atá le teacht.

Ceist: An féidir linn aonaid foghlama atá le fáil in ábhair eile, seachas OSPS, OSSP agus CO, a chur isteach inár gclár folláine?

Freagra: Aithnítear i Rannóg 4.4 de *Threoirlínte Folláine don tSraith Shóisearach* gur féidir gnéithe foghlama nó gníomhaíochtaí a tharlaíonn in ábhair churaclaim eile a chur isteach in bhur gclár folláine. Tugtar dhá shampla sna *Treoirlínte* - in Eacnamaíocht Bhaile, thioctadh gnéithe de staidéar bia agus sláinte a chur isteach i gclár folláine. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfaí aonad ar mhaireachtáil inbhuanaithe a thabhairt laistigh d'Eacnamaíocht Bhaile, Eolaíocht nó Tíreolaíocht agus go n-áireofaí é mar chuid de chlár folláine na scoile.

Nuair a bhítear ag aimsiú réimsí foghlama (lasmuigh de OSSP, OSPS agus CO) a d'fhéadfaí a chur isteach i gclár folláine SS, ba chóir na riachtanais seo a leanas a choimeád i gcuimhne:

- Ba chóir go mbeadh sé soiléir cén réasúnaíocht atá leis an aonad seo a chur isteach i gclár folláine na scoile. Is é sin le rá, ba chóir go bhfreagródh an t-aonad foghlama riachtanas sainaitheanta soiléir agus go mbeadh sé ag cabhrú le scoláirí foghlaim faoin bhfolláine nó ag forbairt na scileanna a theastaíonn le cabhrú lena gcuid folláine.
- Ní mór go gcuirfeadh an fhoghlaim gach scoláire sa tsraith shóisearach san áireamh.
- An fhoghlaim faoin bhfolláine atá an t-aonad laistigh den ábhar eile in ainm a bheith ag clúdach ba chóir go mbeadh sí an-soiléir agus go mbeadh sí nasctha leis na sé táscairí folláine.
- An t-am a thugtar don mhodúl nó don aonad laistigh den ábhar ba chóir go mbeadh sé sa bhreis ar an íosmhéid ama atá luaite leis an tsonraíocht ábhair sin, mar shampla, i gcás na hEacnamaíochta Baile, ba chóir go mbeadh sé sa bhreis ar an íosmhéid de 200 uair atá le tabhairt don teagasc agus don fhoghlaim san Eacnamaíocht Bhaile.
- Ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as Aguisín I sna Treoirlínte le haghaidh Folláine don tSraith Shóisearach chun pleanáil a dhéanamh ar gach aonad foghlama a fhorbraíonn siad don Fholláine agus atá mar chuid dá gclár folláine.

Ceist: Conas is féidir le scoileanna a ngearrchúrsa féin a fhorbairt? An gá go ndéanfaí iad a fhaomhadh?

Freagra: Leagtar amach ar shuíomh gréasáin CNCM ag an nasc seo <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/abhair-agus-gearrchúrsaí/forbair-do-ghearrchúrsa-féin> na céimeanna atá le glacadh agus gearrchúrsa á fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá treoir agus teimpléid phleanála ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM le cabhrú le múinteoirí a ngearrchúrsaí féin a scríobh.

Mar chuid den phróiseas forbartha, má iarrtar a leithéid, tig leis an CNCM aiseolas a thabhairt ar dhréacht-ghearrchúrsaí.

Nuair a leanann scoil na céimeanna atá leagtha amach sa treoir agus nuair atá a ngearrchúrsa curtha i gcrích acu is féidir leo ansin é a chur sa chlár ama. Níl aon mheicníocht ná aon chóras foirmiúil faofa ann chun gearrchúrsaí scoilfhorbartha a fhorhnuiniú nó a cheadú. Bítear ag súil le scoileanna athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht gach gné dá gclár folláine mar chuid den phleanáil leanúnach scoile.

Ceist: Conas is féidir le scoileanna a n-aonaid foghlama féin a fhorbairt? An gá go ndéanfaí iad sin a fhaomhadh?

Freagra: Tá a lán scoileanna ag cur aonaid foghlama san áireamh mar chuid dá gclár folláine. In amanna, baintear iad sin amach as clár atá ann cheana, amhail *Cairde don Óige* nó na cláir *Lockers* agus *Be in Ctrl* de chuid Webwise.

Spreagtar scoileanna freisin aonaid foghlama a fhorbairt a shásaíonn sainriachtanas a shonraítear trí chomhairliúchán le scoláirí / tuismitheoirí / múinteoirí.

Ní mór gach aonad a phleanáil ag úsáid Aguisín I, teimpléad le cabhrú le scoileanna aonaid foghlama níos giorra a phleanáil san Fholláine.

Níl aon mheicníocht ná aon chóras foirmiúil faofa ann chun aonaid foghlama a fhorhnuiniú nó a cheadú. Bítear ag súil le scoileanna athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht gach gné dá gclár folláine mar chuid den phleanáil leanúnach scoile.

Ceist: An féidir am teagasc a áireamh sa 400 uair?

Freagra: Is féidir, ma bhíonn foghlaim shoiléir fhiúntach ag tarlú laistigh den rang teagasc a bhaineann le folláine, atá nasctha leis na táscairí folláine, agus a phleanáiltear ag úsáid Aguisín I. Caithfidh go leor ama a bheith ann le deis a thabhairt do scoláirí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama san fholláine. Ní dócha go dtarlódh foghlaim fhiúntach san fholláine nuair a spréitear am teagasc thar 5 lá, ar nós 8 nóiméad sa lá, agus ina leithéidí sin de chás ní chuirfí é san áireamh sa 400 uair.

Ceist: Cad é faoi imeachtaí aon-uaire nó aoichainteoirí?

Freagra: Is féidir aoichainteoirí agus imeachtaí aon-uaire a úsáid go han-éifeachtach chun cur leis an bhfoghlaim ar chlár folláine scoile, rudaí ar nós ceardlaine ar scileanna staidéir a d'fhéadfadh titim amach laistigh de mhodúl *Foghlaim chun Foghlaim* nó aoichainteoir ar Chearta an Duine ar mír de mhodúl saoránachta a chaint. Léiríonn an taighde go bhfuil an-éifeacht leis na hionchuir sin nuair a nasctar le foghlaim iad a tharlaíonn roimh agus tar eis na hócáide agus nuair a cheanglaítear isteach iad i gclár foghlama níos leithne. Agus iad ag roghnú clár nó acmhainní de chuid éascaitheoirí seachtracha, ba chóir gurfeasach do scoileanna gurb é / í an múinteoir ranga cáilithe an duine gairmiúil is fearr atá in ann oibriú go híogair agus go leanúnach le daltaí agus gur féidir leis / léi dul i gcion go mór ar mheon na ndaltaí, ar a gcuid luachanna agus ar a n-iompraíocht i ngach gné den oideachas sláinte i suíomh na scoile. (L2 Ciorclán 43/2018 - Treoirínte Dea-Chleachtais d'lar-bhunscoileanna i dtaca le cláir agus / nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn atá ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna').

Príomhchoinníoll eile is cóir a chur san áireamh sa chlár folláine 400 uair gur bliainghrúpa iomlán a chaithfeadh a bheith i gceist san fhoghlaim a dhéantar. Ní cóir a áireamh ina gcuid den chlár folláine aon imeachtaí a bhfaightear cuireadh chucu nó ar féidir le scoláirí roghnú gan dul chucu. D'fhéadfaí roinnt tionscnaimh scoile a chur san áireamh ar nós cúrsaí spioradálta scoile, laethanta spóirt nó ócáidí feasachta, a fhad is go mbaineann siad le gach scoláire agus go bhfuil an fhoghlaim ag na himeachtaí sin soiléir, fiúntach agus ábhartha.

Ceist: Conas is féidir liom a chinntiú gurb iad na múinteoirí a bhíonn ag teagasc folláine na daoine is fearr lena dhéanamh?

Freagra: Chun go n-éireodh leis an gclár folláine, tá sé fíorthábhachtach go n-úsáidfí múinteoirí a bhfuil suim acu inti agus a bhfuil na scileanna acu leis na gnéithe difriúla den chlár a theagasc. Chun meas a chothú i leith thábhacht na foghlama faoin bhfolláine, is céim thábhachtach thosaigh í comhthuisct a chruthú den bhrí atá leis an bhfolláine agus den chaoi a gcabhraíonn sí le foghlaim scoláirí. (féach *Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine?* Treoirínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, L10-11)

Is den tábhacht é go dtuigfeadh múinteoirí go bhfuil a lán gnéithe i gceist le foghlaim faoin bhfolláine. Tá roinnt múinteoirí ann a d'fhéadfadh a bheith níos mó ar a suaimhneas ag caint le scoláirí faoina bhfolláine mhothúchánach agus tá cinn eile ann a d'fhéadfadh aonad foghlama a theagasc a bhaineann le bia sláintiúil, gníomhaíocht chomhshaoil nó sábháilteacht ar líne, agus thiocthadh leo sin uile a bheith ina gcuid de chlár folláine scoile.

Chomh fada agus is féidir, ba chóir múinteoirí a cheapadh le gach gné den chlár folláine a theagasc ach iad a bheith ar an eolas agus ar aon intinn faoi roimh ré. Ba chóir go mbeadh siad toilteanach freisin agus ar fáil chun páirt a ghlacadh i bpleanáil chomhoibríoch agus i machnamh agus athbhreithniú leanúnach ar an gclár lena gcuid comhghleacaithe.

Ceist: Cá bhfuil scoileanna ag fáil an ama le haghaidh 400 uair den fholláine?

Freagra: Sa mhéid is go bhfuil sonraíochtaí nua á dtabhairt isteach ta scóip ag scoileanna a bheith ag athbheithniú an churaclaim. Dearadh na sonraíochtaí úra le haghaidh ar a laghad 200 uair de rannpháirtíocht seomra ranga (ach amháin i gcas an Bhéarla, na Gaeilge agus na Matamaitice a bhfuil íosmhéid de 240 uair ag dul leo).

Ag breathnú ar an lóistíocht a bhaineann le sceidealú na folláine – seans gur cabhair an méid seo a leanas.

Tá ceanglas ar scoileanna 28 uair sa tseachtain d'am teagaisc a sholáthar do scoláirí.

Dá bhrí sin, tá $28 \text{ uair} \times 33.4 \text{ seachtain} \times 3 \text{ bliana} = 2,805 \text{ uair}$.

Má roghnaíonn scoileanna an t-uasmhéid ábhar a dhéanamh .i. 10 n-ábhair (nó ábhair agus gearrchúrsaí comhionann leis sin) is mar seo a bheas an cuntas:

3 ábhar @ 240 uair an ceann

7 n-ábhar @ 200 uair an ceann (nó a chóimheascán sin d'ábhair agus de ghearrchúrsaí)

Is ionann sin agus 2,120 uair

Cuir leis sin an 400 uair den chlár Folláine agus is é a bheidh agat 2,520 uair

Fágann sé sin 285 uair bhreise, thar 3 bliana, d'aon rud eile a mheastar is gá.

Ceist: Conas a dhéanfar tuairisciú ar an bhFolláine?

Freagra: Tá tuairisciú san Fholláine tábhachtach ar fud na trí bliana den tsraith shóisearach agus tarlaíonn sé ar bhealaí éagsúla.

Is í an aidhm atá le tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine léargas a thabhairt ar an méid a d'fhoghlaim scoláirí faoin bhFolláine agus ar na scileanna a d'fhorbair siad le cabhrú lena bhfolláine féin.

An rud nach bhfuil i gceist le measúnú agus tuairisciú san Fholláine múinteoirí a bheith ag meas nó ag tuairisciú ar riocht suibichtúil folláine scoláirí. Tá an bhéim ar fhianaise a bhailiú agus ar thuairisc a thabhairt ar an méid atá foghlamtha ag an scoláire faoin bhFolláine.

Aguisín I - Roghanna Curaclaim don OSSP, OSPS agus CO

Ceisteanna is gá a chur san áireamh chun socrú a dhéanamh faoi na roghanna thuas

Rogha 1	Impleachtaí
Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM in OSSP, OSPS, CO (100 uair an ceann)	<ul style="list-style-type: none"> ● D'eascair na sonraíochtaí sin as comhairliúchán forleathan le comhpháirtithe oideachais lena chinntiú go bpléann na cúrsaí le foghlaim thábhachtach, ábhartha agus bhríoch do dhaoine óga sna hábhair sin. ● Tá na gearrchúrsaí seo comhtháite leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) agus leis na táscairí folláine agus ailínithe leo. ● Tá comhairle ar mheasúnú le fáil i ngearrchúrsaí CNCM i dtaca le measúnú leanúnach agus measúnú suimitheach araon. ● Tá Treoirlínte Measúnaithe CNCM ag dul leo chun cabhrú le múinteoirí agus le scoláirí ullmhú i gcomhair na Measúnuithe Rangbhunaithe ar féidir teacht orthu ag www.curriculumonline.ie ● Déanfar tuairisciú sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláirí sna gearrchúrsaí seo ag úsáid na dtuairiscíní céanna gnóthachtála agus a úsáidtear do gach ábhar agus do gach gearrchúrsa eile.
Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig) ag baint úsáid as teimpléad CNCM agus 'Treoirlínte maidir le forbairt do ghearrchúrsa féin'	<ul style="list-style-type: none"> ● Féadfaidh scoileanna a ngearrchúrsa féin a dhearadh nó gearrchúrsa atá ann cheana a chur in oiriúint le freastal ar a gcuid riachtanas áitiúil agus a gcomhthéacs féin. Tá Treoirlínte ag an CNCM maidir le do Ghearrchúrsa féin a Fhorbairt (anseo). ● Má phleanálann siad a ngearrchúrsa féin, beidh ar mhúinteoirí pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe ag úsáid theimpléad agus threoirlínte an CNCM le haghaidh gearrchúrsaí. ● Ba ghá a chur san áireamh conas a léireoidh scoláirí a gcuid foghlama, trí mheasúnú leanúnach ranga agus trí Mheasúnú Rangbhunaithe araon. ● Cé go ndéanfaidh MRBna atá ann cheana eolas do scoil, beidh orthu MRB agus Gnéithe Cailíochta a fhorbairt dá scoláirí a bheidh ag teacht leis na Torthaí Foghlama atá á meas ina ngearrchúrsa sainiúil féin. ● Cuirtear i gcuimhne do scoileanna má bhíonn siad ag forbairt gearrchúrsa OSPS, gur gá an OSPS (lena n-áirítear OCG) a theagasc thar na 3 bliana. ● Má fhorbraíonn siad a ngearrchúrsa féin sa CO, ba chóir do mhúinteoirí CO a chinntiú go ndíríonn sé ar eispéireas leathan agus cothromaithe CO, a chuimsíonn réimse scileanna agus eispéiris chorpacmhainne.
Cláir/modúil/aonaid eile atá saindeartha ag an scoil le haghaidh OSSP, OSPS, Corpoideachas arna bhforbairt ag baint úsáid as Aguisín I de Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí de chuid an CNCM	<ul style="list-style-type: none"> ● Féadfaidh scoileanna a thugann faoin rogha seo tarraingt as rogha leathan acmhainní amhail na Gearrchúrsaí Folláine de chuid CNCM, siollabais agus acmhainní ábhartha atá forbartha ag áisíneachtaí agus ag eagraíochtaí. ● Tugtar samplaí sna <i>Treoirlínte Folláine</i> den chaoi a bhféadfadh scoileanna tarraingt as acmhainní éagsúla lena gcuid aonad agus modúl féin a fhorbairt. ● Éilíonn an rogha seo pleanáil chúramach agus comhoibriú i measc múinteoirí chomh maith le comhairliúchán le scoláirí chun ábharthacht na foghlama a chinntiú. ● Is gá a leithéidí sin de mhodúil agus d'aonad a chur le chéile ag úsáid Aguisín I. ● Is gné lárnach den tsraith shóisearach nua tuairisciú a thabhairt ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine. Mar sin de, ba ghá do mhúinteoirí a mheabhrú conas a chuirfidh siad ar chumas scoláirí fianaise a thaispeáint ar a gcuid foghlama in aonaid Folláine trí ghníomhaíochtaí measúnú leanúnach agus suimitheach araon.
Siollabas an Teastais Shóisearaigh do OSSP (1996), siollabas an Teastais Shóisearaigh OSPS (2000), an Siollabas Corpoideachais (2003)	<ul style="list-style-type: none"> ● Bheadh ar mhúinteoirí a bhreithniú conas is féidir na siollabais seo a úsáid chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil ar fhoghlaim atá bríoch agus ábhartha dá scoláirí sa lá atá inniu ann. ● Beidh ar mhúinteoirí freisin a bhreithniú conas a chuirfidh siad ar chumas scoláirí fianaise a thaispeáint ar a gcuid foghlama trí ghníomhaíochtaí measúnú leanúnach agus suimitheach araon.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior**CYCLE**
for teachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Ionad Oideachais Mhuineacháin
Cnoc an Chonnaidh
Bóthar Ard Mhacha
Co. Mhuineacháin
H18 E980
Teil: +353 47 74008
R-phost: info@jct.ie



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnach
35 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
D02 KH36
Éire
Teil: +353 1 661 7177
R-phost: info@ncca.ie